# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE 14 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

# ROINN B
## (220 MARC)

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

Freagair 4 (**CEITHRE**) cheist as an roinn seo.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## ROINN B
**220 MARC**

**1.** Is é seo a leanas luach cothaithe de Phróitéin Uigeach Ghlasraí (TVP) agus trua-mhairteoil mhionaithe.

| Bia sa 100g | Próitéin | Saill | Carbaihiodráit | Mianraí | Vitimín | Uisce |
|---|---|---|---|---|---|---|
| TVP | 74 g | 2 g | 10 g<br>snáithín 5.5 g | Calciam<br>Iarann | B | 0 |
| Trua-mhairteoil mhionaithe | 23.1 g | 14.5 g | 0 g | Calciam<br>Iarann | B | 59 g |

**(a)** Agus úsáid á baint agat as an eolas ar an gcothú atá tugtha ar an tábla:

**(i)** Déan comparáid idir bialuach an TVP agus bialuach na trua-mhairteola mionaithe.

**(ii)** Luaigh feidhm **amháin** atá de **gach ceann** de na mianraí ar an liosta agus mínigh conas is féidir le heaspa na mianraí seo dul i bhfeidhm ar an gcorp.

**(b)** **(i)** Cad as a ndéantar TVP?

**(ii)** Mol **dhá** mhias inar féidir TVP a úsáid.

**(c)** Tabhair na buntáistí a bhaineann le TVP a bheith san aiste bia.

**(d)** Mínigh **gach ceann** díobh seo a leanas:
**(i)** aiste bia lachtveigeatóira
**(ii)** aiste bia veigeáin

**2.** **(a)** Tarraing agus lipéadaigh struchtúr uibhe.

**(b)** **(i)** Liostaigh **cúig** úsáid a bhaintear as uibheacha sa chócaireacht agus tabhair sampla ***difriúil*** de **gach** úsáid díobh.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a dtéann an chócaireacht i bhfeidhm ar uibheacha.

**(c)** Tabhair **ceithre** chúis a mbhíonn uibheacha san aiste bia.

**(d)** Liostaigh **cúig** mhír eolais a chaithfear a chur ar bhosca uibheacha.

**(e)** Cad is brí le huibheacha ***saor-raoin***?

**3.** Cheannaigh Áine mála scoile nua agus nuair a shroich sí an baile fuair sí amach go raibh damáiste déanta dó.

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar an nós imeachta ba chóir d'Áine a leanúint nuair a fuair sí amach go raibh damáiste déanta don mhála scoile.

**(b)** Scríobh an litir ina ndéanann Áine gearán leis an siopa inar ceannaíodh an mála scoile.

**(c)** Ainmnigh **dhá** eagraíocht a bhféadfadh Áine teagmháil a dhéanamh leo mura raibh sí sásta leis an mbealach inar déileáladh lena gearán.

**(d)** Mínigh na téarmaí tomhaltóra: *sásamh* **agus** *ráthaíocht.*

**4.** **(a)** Ainmnigh **agus** luaigh an fheidhm atá ag **ceithre** chuid ar bith de chóras atáirgthe na mbán.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a tharlaíonn le linn an timthrialla mhíosta.

**(c)** Liostaigh na treoirlínte ba chóir do bhean thorrach a leanúint le linn di a bheith ag iompar clainne.

**(d)** Tabhair an fheidhm atá ag **gach ceann** díobh seo a leanas: *leacht aimnianach* **agus** *an phlacaint.*

**5.** **(a)** Liostaigh na príomhchúiseanna le timpistí sa teach.

**(b)** Mol **ceithre** phíosa de threalamh sábháilteachta dóiteáin atá oiriúnach le húsáid sa teach.

**(c)** Liostaigh na treoirlínte sábháilteachta atá le leanúint chun doiteán a chosc sa teach.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar an nós imeachta ba chóir a leanúint le sábháilteacht na ndaoine sa teach a chinntiú sa chás go mbeadh dóiteán sa teach.

**6.** Is snáithín nádúrtha é cadás.

**(a)** Liostaigh **trí** fhabraic a dhéantar as snáithín cadáis.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna atá i gceist agus cadás á tháirgeadh.

**(c)** Ainmnigh **trí** snáithín nádúrtha eile.

**(d)** Ainmnigh, sceitseáil é agus déan cur síos ar earra tí teicstílbhunaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh agus úsáid á bhaint as cadás.

**(e)** Ainmnigh fabraic **amháin** a chumasatar le cadás go minic agus tabhair buntáiste **amháin** a bhaineann le fabraicí a chumasc.

Leathanach Bán